

Gairmscoil na bPiarsach



Nuachtlitir

Nollaig 2009

Beatha agus Fáilte

Guímíd beannachtaí na Nollag oraibh uilig agus athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise. Tá súil againn go mbainfidh sibh go léir taithneamh as an saoire. Beidh an scoil ag ath-oscailt ar an **Déardaoin 7ú Eanáir 2010**.

Scoláireacht €5000

Is iar scoláire de chuid Gairmscoil na bPiarsach í **Lisa Ní Shuilleabháin**. Faoi láthair tá Lisa ag freastal ar Instiúid Teicneolaíocht Gaillimh/Maigheo áit inár bhain sí scoláireacht **€5000** amach i mbliana. Ba mhaith linn comhgháirdeachas a dhéanamh leí as ucht an eacht seo. Sa bpictiúr thíos tá Lisa in éineacht lena múinteoir **Gairmthreoir, Patricia Uí Fhlaithearta** ag an ócáid bronnadh scoláireacht i GMIT le déanaí.



Seachtain na hEolaíochta

Bhí seachtain na h-Eolaíochta ar siúl i mí na Samhna. I measc na n-imeachtaí a bhí ar siúl bhí Ceardlann Gas Chealla eagraithe ag **Danielle Nicholson** ó **REMEDI**. Ghlac na ranganna 4ú & 5ú Bitheolaíochta páirt sa gCeardlann. Mar thoradh ar an gCeardlann beidh díospóireachtaí Bitheolaíochta ar siúl in Ollscoil na hÉireann Gaillimh sa bhliain nua. D'eagraigh REMEDI turas oideachasúil trí mheán na Gaeilge go dtí saotharlainn taighde REMEDI san ollscoil freisin le linn na seachtaine.



An príomh imeacht a bhí sa scoil le linn seachtain na h-Eolaíochta ná cuairt an realt eolaí cáiliúil **Leo Enright**. Chuir sé dhá cheardlann ar siúl sa scoil. Le linn na ceardlanna fuair na scoláirí seans agallamh a rinne Bono le spásáirí sa spas stáisiún idirnáisiúnta a fheiceáil chomh maith leis na h-íomhanna is déanaí de cheann de ghealaigh Jupiter.



Grúpa scoláirí as Gairmscoil na bPíarsach a fuair an chéad áit i bhFéile Náisiúnta Drámaíochta na Scoileanna leis an dráma "An Lúb ar Lár" le Pádraic Ó Dóláin i 1956/57.



Ar chúil: Micheál Ó Niadh (Mattie Cevan), Turloch, Colm Ó Súilleabháin (Colm Mháirtín Chóilín), Camus, Tomás Ó Méalóid (Tommy Tom Sheáinín), Camus, Proinsias Ó Mainnín (Francie Tony), Turloch.

Chun tosaigh: Pádraic Ó Máille (Paddy Mháirtín Éamoinn), Doire Iorrais, Antaine Ó Mainnín (Antaine Phatríckín), Cill Bhriocáin, Pádraig Ó Dóláin nach maireann (Príomhoide agus Léiritheoir an dráma), Séamas Ó Fiannachta (Séamas Mháirtín Jane), Gleann Treasna agus Colm Ó Gríofa (Cóilín Mhag), Cladach Ó Dheas.

As láthair ón bpictiúr tá Bríd Breathnach (Bríd Pheter Jeainín) agus Colm Ó Méalóid (Colm Jimmy Nean).



I láthair ag an mbronnadh speisialta le linn ceolchoirm na Nollag bhí ;

Ar chúil; Mattie Cevan Ó Niadh, Colm Ó Súilleabháin, Tommy Ó Méalóid agus Colm Dubh Ó Méalóid.
Chun tosaigh: Pádraic Ó Máille, Antaine Ó Mainnín, Tommy Khate Ó Mainnín (ar son clann Uí Dhóláin), Séamas Ó Fiannachta agus Nan Breathnach (ar son Bhríd Breathnach).



Comhbhrón

Ba mhaith linn comhbhrón a dhéanamh le

Clann Uí Dhóláin

ar bhás Phádraic.

Bhí Pádraic ina Phríomhoide sa scoil sna caoga daí

Ar dheis Dé go raibh a anam

Grúpa scoláirí as Gairmscoil in éineacht leis an múinteoir Bridie Uí Chonámha ag bronnadh seic le haghaidh **€500** ar Fíona Mc Kinnon in **Oispís na Gaillimhe**. Bailíodh an t-airgead ag Maidin Caife sa scoil. Buíochas le chuile dhuine a thug sintús.



Peil Ghaelach

Comhghárdeachas leis an bhfoireann sinsear cailíní ar éirigh leo an bua a fháil ar Choláiste Chroí Mhuire, An Spidéal le déanaí leis an scór 2-16 in aghaidh 5-3. Tá gach cluiche buaite acu go dtí seo, rud a chiallaíonn go bhfuil an líon is airde pointí acu ins an ngrúpa D (11 an taobh). Tá siad anois thríd go dtí réamhbhabhtaí **Craobh Chonnacht**. Beidh an chéad chluiche eile i mí Eanáir i gcoinne Clochar na Trócaire, Sligeach. Siad **Bridie Uí Chonámha, Máirín Uí Chaonaigh** agus **Seán Ó Grádaigh** (Gairmscoil Fheichín) an foireann bainistíochta. Guimíd gach rath orthu.

Imeachtaí Eile

Tá ag eirí go maith leis an **gclub bricfeasta** atá curtha ar fáil do na scoláirí sa scoil ó 8.15r.n. go dtí 8.50r.n. gach maidin.

Tá **club staidéar** ar siúl sa scoil chomh maith gach Luan agus Máirt tar éis na scoile.

Tá buíochas ag dul do **Chlár Criochnú Scoile** a thugann tacaíocht dhúinn i rith na bliana.

Is gearr anois a bhéas an **obair fheabhsúcháin** taobh amuigh den scoil críochnaíthe. Cuirfidh sé go mór le saol na scoile amach sna blianta atá romhainn.

Comhghárdeachas le **Síle Ní Shúilleabháin** (2ú bliain) a bhuaigh duais filiochta i gcomórtas a bhí eagraithe ag **Pléaráca Teo.** mar chuid de dheireadh seachtaine **Briciní.**

Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc. 091-574100

Ríomhphost: piarsach@eircom.net



Ceolchoirm na Nollag.

Bhí an ceolchoirm ar siúl ar an 10ú Nollaig i gColáiste Chuimhneachán an Phiarsaigh. Siad **Shauna Nic Dhonnacha** agus **Orla Ní Fhlatharta** ón 2ú bliain a bhí ina mná tí ag an ócáid. I measc na n-imeachtaí a bhí ar siúl bhí drámaí agus agallaimh beirte ag an 1ú bliain. Táimid fíor bhuíoch do **Phléaráca Teo.** agus do **Mheta Uí Mháille** a chuir tacaíocht ar fáil le cúpla mí anuas do cheardlann drámaíocht sa scoil. Buíochas freisin le **Seán Ó Cualáin** agus **Máire Áine Ní Mháille** a chuir isteach uaireanta fada ag ullmhú na n-aisteoirí i gcóir an stáitse.

Sa dara leath den cheolchoirm chas **Jimmy Ó Ceannabháin, Briocán agus Tomás Bairéad, Sarah Ní Cheannabháin** meascán de ámhráin ar an sean nós agus nua-aimsire. Rinne **Ailidh Ní Chonaire, Heather Ní Chaisín** agus **Christina Ní Mhainnín** damhsa ar an sean-nós.

Mar chuid de ócáid **Comóradh 75 bliain** na scoile déanadh bronnadh speisialta ar ghrúpa drámaíochta 1956/57 a bhuaigh an 1ú áit in Éirinn leis an dráma **“An Lúb ar Lár”** a scríobh agus a léirigh an príomh-oide **Pádraic Ó Dóláin**, nach maireann. Buíochas leis an Timire Gaeilge **Tomás Breathnach** a rinne an bronnadh agus le cathaoirleach an Choiste Comóradh **Seosamh Ó Cuaig** a rinne píosa deas cainte faoin ócáid.

Chriochnaigh an oíche le carúil na Nollag á chanadh ag cór an 1ú agus 2ú bliain faoi stiúir **Mháirín Uí Chaonaigh**.

Buíochas leis an **gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta** a chuir stáitse ar fáil, **Coiste Pobail Rosmuc** as ucht úsáid an halla, **Ristéard Mac Aodh** a reitigh na soilse agus fuaim, **Maryanne Uí Chonaire, Áine Uí Ghríofa** agus **Diane Ní Mhainnín** a bhí gnóthach sa chistin ag cuir tae/caife ar fáil. Tá buíochas ar leith freisin ag dul do Mharyanne agus Áine as ucht an naoinrá a chuir ar fáil i gcóir na h-ócaíde

